



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2019
(OR. en)

EUCO 9/19

CO EUR 12
CONCL 5

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú den Chomhairle Eorpach (20 Meitheamh 2019) – Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

I. AN CHÉAD TIMTHRIALL INSTITIÚIDEACH EILE

1. Ghlac an Chomhairle Eorpach Clár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024 don Aontas. Pléifidh sí an obair leantach a bhaineann leis an gClár Oibre Straitéiseach i mí Dheireadh Fómhair 2019.

II. AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

2. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair a rinneadh faoi Uachtaránacht na Rómáine agus thug sí dá haire na gnéithe éagsúla den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. D'iarr sí ar Uachtaránacht na Fionlainne leanúint den obair sin agus an Bosca Caibidlíochta a fhorbairt. Ar an mbonn sin, malartóidh an Chomhairle Eorpach tuairimí le chéile i mí Dheireadh Fómhair 2019 le súil is go mbeidh sé ina chomhaontú faoi dheireadh na bliana.

III. AN tATHRÚ AERÁIDE

3. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí a bheidh an cruinniú mullaigh ar son na haeráide a bheidh á eagrú ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair chun dlús a chur leis an ngníomhú domhanda ar son na haeráide ionas go ndéanfar cuspóir Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear trí iarrachtaí a dhéanamh an t-ardú teochta a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Is díol sásaimh di rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát agus an Choimisiúin sna hullmhúcháin.
4. Ag eascairt as an bplé earnála a bhí ar siúl le roinnt míonna anuas, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún an obair a thabhairt chun cinn ar na dálaí, na dreasachtaí agus an creat cumasúcháin atá le cur i bhfeidhm d'fhonn an t-aistriú go hAontas Eorpach a bheidh aeráidneodrach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras¹, a áirithiú, aistriú a chaomhnóidh iomaíochas na hEorpa, a bheidh cóir agus a bheidh cothrom ar bhonn sóisialta, a chuirfidh san áireamh dálaí náisiúnta na mBallstát agus a urramóidh a gceart a meascán fuinnimh féin a chinneadh, agus tógáil, ag an am céanna, ar na bearta a comhaontaíodh cheana chun sprioc laghdúcháin 2030 a bhaint amach. Cuirfidh an Chomhairle Eorpach bailchríoch ar a treoir roimh dheireadh na bliana d'fhonn go mbeifear in ann straitéis fhadtéarmach an Aontais a ghlacadh agus a thíolacadh do UNFCCC go luath in 2020. Ós amhlaidh atá, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an mBanc Eorpach Infheistíochta dlús a chur lena ghníomhú ar son na haeráide.

¹ I gcás thromlach mór na mBallstát, caithfear aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050.

5. Tá an tAontas gona Bhallstáit tiomanta i gcónaí d'uas-scálú a dhéanamh ar shlógadh an mhaoinithe idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide ó raon leathan foinsí éagsúla príobháideacha agus poiblí agus tiomanta freisin d'obair a dhéanamh chun próiseas athshlánaithe don Chiste Glas don Aeráid a fhorbairt a bheidh tráthúil, dea-bhainistithe agus rathúil.

IV. BRÉAGAISNÉIS AGUS BAGAIRTÍ HIBRIDEACHA

6. Ag eascairt as an tuarascáil ón Uachtaránacht agus as ionchur an Choimisiúin agus an Ardionadaí maidir lenar foghlaimíodh i ndáil le bréagaisnéis agus saorthoghcháin chóra a áirithiú, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha an fheasacht a ardú, an ullmhacht a mhéadú, agus athléimneacht ár gcóras daonlathach i leith na bréagaisnéise a neartú. Is díol sásaimh di rún an Choimisiúin grinnmheastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas a thug ardáin ar líne agus sínitheoirí eile faoin gCód Cleachtais. Bíonn na bagairtí sin ag síorathrú, agus an baol ag méadú go dtarlódh cur isteach mailíseach agus ionramháil ar líne a bhaineann le forbairt na hintleachta saorga agus teicnící bailithe sonraí, agus ní mór measúnú leanúnach a dhéanamh agus freagairt iomchuí a thabhairt ar na bagairtí sin.
7. Caithfidh an tAontas freagairt chomhordaithe a áirithiú ar bhagairtí hibrídeacha agus ar chibearbhagairtí agus a chomhar leis na gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha a neartú. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an creat nua le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírithé, agus an obair ar shannadh comhordaithe ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs an bhosca uirlisí cibearthaidhleoireachta, chun gur fearr an fhreagairt agus an díspreagadh a dhéantar ar chibirionsaithe. Iarrann sí ar institiúidí an Aontais, i gcomhar leis na Ballstáit, obair a dhéanamh ar bhearta a neartóidh athléimneacht agus cultúr slándála an Aontais i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrídeacha ón taobh amuigh den Aontas, agus cosaint níos fearr a thabhairt ar ghníomhaíochtaí mailíseacha den uile chineál do líonraí faisnéise agus cumarsáide an Aontais agus dá phróisis chinnteoireachta.

V. CAIDREAMH SEACHTRACH

8. Tráth comórtha dheich mbliana Chomhpháirtíocht an Oirthir, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an chomhpháirtíocht straitéiseach sin agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí meastóireacht a dhéanamh ar na huirlisí agus na bearta atá ann cheana agus, ar bhonn comhairliúcháin iomchuí, ag féachaint don chéad Chruinniú Mullaigh eile de Chomhpháirtíocht an Oirthir, tacar eile de chuspóirí beartais fadtéarmacha a thíolacadh go luath in 2020.
9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach aistriú síochánta na cumhachta i bPoblacht na Moldóive agus iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an Ardionadaí obair ar thacar de bhearta nithiúla chun tacú le Poblacht na Moldóive, bunaithe ar athchóirithe a bheith á gcur chun feidhme go hinbhuanaithe ag an tír faoin gComhaontú Comhlachais / Comhaontú Domhain Cuimsitheach Saorthrádála.
10. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a ríthábhachtaí atá comhpháirtíocht straitéiseach an Aontais leis an Afraic. Táimid tiomanta don chomhpháirtíocht sin a fhorbairt a thuilleadh agus uaillmhian chomhroinnte againn aghaidh a thabhairt le chéile ar dhúshláin choiteanna agus dhomhanda.
11. Is den ríthábhacht don Aontas Eorpach cobhsaíocht, slándáil, agus rathúnas na dtíortha sin atá suite ar bhruach theas na Meánmhara. Ós amhlaidh atá, is tosaíocht chomhchoiteann againn araon an chobhsaíocht fhadtéarmach sa Libia. Is mian leis an Aontas athdhearbhú a dhéanamh ar an tacaíocht atá á tabhairt aige don phróiseas atá ar bun, faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, chun deireadh a chur leis an gcogaíocht agus teacht ar réiteach cuimsitheach polaitiúil.
12. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an borradh nua atá tagtha faoin gcaidreamh idir an tAontas agus Maracó agus tá sí ag tnúth leis an gComhairle Comhlachais AE-Maracó nach fada uainn anois.
13. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar an Rúis na mairnéalaigh Úcránacha a ghabh sí a scaoileadh saor gan choinníoll, na soithí a urghabhadh a thabhairt ar ais, agus cead seolta trí Chaolas Kerch do gach long a áirithiú, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.
14. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur mór an t-údar imní di foraithe an 24 Aibreán ó Uachtarán na Rúise lena gcumasaítear simpliú ar eisiúint pasanna i limistéir áirithe i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine, rud a thagann salach ar mheon agus ar chuspóirí chomhaontuithe Mhionsc.

15. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach dá bhfuil ag titim amach in oirthear na hÚcráine a fhaire agus tá sí réidh le tuilleadh roghanna a bhreithniú, lena n-áirítear gan pasanna Rúiseacha a eisítear i neamhréir le comhaontuithe Mhionsc a aithint, i ndlúthchomhordú lena comhpháirtithe idirnáisiúnta. Iarrann sí go gcuirfí tús práinneach an athuair leis na hiarrachtaí caibidlíochta ag féachaint do chur chun feidhme comhaontuithe Mhionsc agus go nglacfaí bearta darb aidhm an mhuinín a athbhunú i measc na bpáirtithe.
16. Ar an 17 Iúil beidh cúig bliana ann ó thurnamh eitilt MH17, inar maraíodh 298 nduine. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht iomlán do na hiarrachtaí ar fad atá ar siúl chun an fhírinne, an ceartas agus an chuntasacht a bhunú do na híospartaigh agus dá neasghaolta, i gcomhréir le Rún 2216 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh di an fógra a rinne an Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú ar an 19 Meitheamh 2019 go bhfuil ceathrar le cúiseamh san Ísiltír, agus iarrann sí ar an Rúis comhoibriú go hiomlán leis an imscrúdú atá ar siúl. Is mian leis an Aontas a chur in iúl go bhfuil gach muinín aige as neamhspleáchas agus gairmiúlacht na nósanna imeachta dlíthiúla atá romhainn.
17. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach agus athdhearbhaíonn sí na conclúidí roimhe seo ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach, lena n-áirítear na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 Márta 2018 ina ndearnadh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha leanúnacha na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir agus san Mhuir Aeigéach a cháineadh go géar. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil inní mhór uirthi faoi na gníomhaíochtaí druileála atá ar bun ag an Tuirc faoi láthair sa Mheánmhuir Thoir agus is olc léi nár fhreagair an Tuirc na hachainí atá déanta ag an Aontas arís is arís eile stop a chur leis na gníomhaíochtaí sin. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis an tionchar diúltach láithreach atá ag gníomhaíochtaí neamhdhleathacha den chineál sin ar réimse iomlán an chaidrimh idir an tAontas agus an Tuirc. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Tuirc guaim a choinneáil uirthi féin, cearta ceannasachta na Cipire a urramú agus staonadh ó ghníomhaíochtaí ar bith den chineál sin. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach an cuireadh atá faighte ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí féidearthachtaí maidir le bearta iomchuí a thíolacadh gan mhoill, lena n-áirítear bearta spriocdhírthe. Leanfaidh an tAontas de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus tá sé ullamh freagairt iomchuí a thabhairt, i ndlúthpháirtíocht iomlán leis an gCipir. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar a choinneáil faoi bhreithniú agus fillfidh sí air de réir mar is iomchuí.

VI. MÍREANNA EILE

18. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí maidir le méadú agus an próiseas cobhsaíochta agus comhlachais a ghlac an Chomhairle ar an 18 Meitheamh 2019.
 19. I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, bhí plé ag an gComhairle Eorpach ar bhonn tuarascáil chothrománach maidir leis na moltaí tír-shonracha.
-

AN CLÁR OIBRE STRAITÉISEACH NUA 2019 - 2024

Tá an saol ag éirí níos míshocra agus níos achrannaí le blianta beaga anuas, agus athruithe tobanna ag tarlú ann. Eascraíonn idir dheiseanna agus dúshlán as an méid sin. As seo go ceann cúig bliana, beidh deis ag an Aontas cur leis an ról atá aige sa timpeallacht ghuagach seo, agus déanfaidh sé amhlaidh. I bhfochair a chéile, beimid tiomanta agus dírithe, agus sinn ag tógáil ar na luachanna atá againn agus ar na buanna atá ag baint le samhail an Aontais. Sin é an t-aon bhealach éifeachtach atá ann leis an todhchaí atá amach romhainn a mhúnlú, leasanna na saoránach, na ngnólachtaí agus na sochaithe a chosaint, agus an modh maireachtála atá againn a choimirciú.

Leis an gClár Oibre Straitéiseach seo, soláthraítear creat agus treoir fhoriomlán don fhreagairt sin. Tá sé i gceist go mbeadh an clár oibre mar threoir ag obair na n-institiúidí sna cúig bliana atá amach romhainn. Díríonn sé ar cheithre cinn de mhórhosaíochtaí:

- saoránaigh agus saoirsí a chosaint
- bonn láidir, bríomhar eacnamaíoch a fhorbairt
- Eoraip níos aeráidneodraí, níos glaise, níos cothroime agus níos sóisialta a thógáil
- leasanna agus luachanna na hEorpa a chur chun cinn os comhair an domhain mhóir.

Lena chois sin, leagann sé amach conas beart a dhéanamh de bhriathar na dtosaíochtaí sin.

Saoránaigh agus saoirsí a chosaint

Ní mór go mbraithfeadh daoine saor sábháilte anseo san Eoraip. Seasfaidh an tAontas le cearta agus saoirsí bunúsacha a chuid saoránach, mar a aithnítear sna Conarthaí iad, agus déanfaidh sé iad a chosaint ar bhagairtí atá ann cheana agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn.

Is iad na luachanna coiteanna atá mar bhonn taca ag an tsamhail dhaonlathach agus shochaíoch atá againn bunsraith na saoirse Eorpaí, na slándála Eorpaí agus an rathúnais Eorpaigh. Leis an smacht reachta, arb é bun agus barr ár ndaonlathas uile é, ráthaítear go bhfuil na luachanna sin cosanta go maith; ní mór do na Ballstáit uile agus don Aontas é a urramú go hiomlán.

Ní foláir dúinn iomláine chríochach an Aontais a áirithiú. Ní mór dúinn fios a bheith againn cé a thagann isteach san Aontas agus ní mór dúinn a bheith in ann a chinneadh cé hiad féin. Is réamhriachtanas nach bhfuil aon dul thairis é rialú éifeachtach na teorann seachtraí má táthar leis an tslándáil a ráthú, an t-ord poiblí a chaomhnú agus a áirithiú go bhfeidhmeoidh beartais an Aontais mar is ceart, i gcomhréir leis na prionsabail agus na luachanna atá againn.

Tá rún daingean againn beartas imirce cuimsitheach lánfheidhmiúil a fhorbairt tuilleadh. Leanfaimid orainn agus cuirfimid leis an gcomhar leis na tíortha tionscnaimh agus idirthurais chun an imirce neamhdhleathach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus chun fillteacha éifeachtacha a áirithiú. Ó thaobh na gné inmheánaí de, ní mór dúinn a bheith ar aon intinn faoi cad is beartas imirce agus tearmainn éifeachtach ann. Is gá teacht ar chomhthoil maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath d'fhonn é a athchóiriú bunaithe ar chothromaíocht idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, agus iad siúd a ndearnadh iad a dhíbhortáil i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála á gcur san áireamh.

Glacfaimid na bearta is gá chun feidhmiú ceart Schengen a áirithiú.

Cuirfimid borradh agus biseach faoi chomhrac na sceimhlitheoireachta agus na coireachta trasteorann, feabhsóimid an comhar agus an chomhroinnt faisnéise agus forbróimid tuilleadh na hionstraimí coiteanna atá againn.

Cuirfimid le hathléimneacht an Aontais in aghaidh tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine. Tá dlúthpháirtíocht ghníomhach agus comhthiomsú acmhainní rithábhachtach maidir leis an méid sin.

Ní mór dúinn na sochaithe atá againn a chosaint ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha, bagairtí hibrideacha agus bréagaisnéis a thionscnaíonn gníomhaithe naimhdeacha Stáit agus neamh-Stáit. Teastaíonn cur chuige cuimsitheach agus tuilleadh comhair, comhordaithe, acmhainní agus acmhainneachtaí teicneolaíocha má táimid le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí den sórt sin.

Ár mbonn eacnamaíoch a fhorbairt: an tsamhail Eorpach don todhchaí

Tá sé thar a bheith tábhachtach, do rathúnas agus d'iomaióchas na hEorpa, don ról atá ag an Eoraip os comhair an domhain mhóir, agus do chruthú poist, go mbeadh bonn láidir eacnamaíoch ann. Anois agus athmhúnlú á dhéanamh ar an tírdhreach domhanda ag dúshláin theicneolaíocha, slándála agus inbhuanaitheachta, ní mór dúinn an bonn don fhás inbhuanaithe, cuimsitheach, fadtéarmach a athnuachan agus an comhtháthú a neartú san Aontas. Chuige sin, ní mór cóineasú aníos ár ngeilleagar a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha.

Ní mór dúinn a áirithiú go n-oibreoidh an euro don saoránach agus go mbeidh sé athléimneach i gcónaí, tríd an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta gona dhiminsin go léir a dhoimhniú, an tAontas Baincéireacht agus Aontas na Margaí Caipitil a chomhlánú, agus ról idirnáisiúnta an euro a neartú.

Chun an tionchar a bhíonn againn a uasmhéadú, teastaíonn cur chuige níos comhtháite uainn a nascfaidh na beartais agus na gnéithe ábhartha go léir: an Margadh Aonair gona cheithre shaoirse a dhoimhniú agus a neartú, beartas tionsclaíoch a cheapadh a bheidh oiriúnach don todhchaí, aghaidh a thabhairt ar an réabhlóid dhigiteach agus cánachas cothrom, éifeachtach a áirithiú.

Tá an Margadh Aonair, gona dhiminsin go léir, ar cheann de na príomhshócmhainní atá againn i ndáil leis an méid sin. Níl sé d'acmhainn ag an Aontas gan ach tearcúsáid a bhaint as an bpoitéinseal atá ag margadh a bhfuil leathbhilliún duine ann, go háirithe i réimse na seirbhísí. Ní fhéadfar deacrachtaí gearrthéarmacha a agairt mar argóint i gcoinne straitéis fhadtéarmach a bheadh misniúil, uileghabhálach, réamhbhreathnaitheach. Ba cheart go mbeadh an méid sin fite fuaite le beartas tionsclaíoch a bheadh níos teanntásaí, níos cuimsithí agus níos comhordaithe. Tá an dá rud ag teastáil, agus ag teastáil go géar, ón Aontas.

Sna blianta beaga atá amach romhainn, géaróidh an claochlú digiteach a thuilleadh ar a luas agus is fadréimneach na hiarmhairtí a bheidh aige. Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh ceannasacht dhigiteach ag an Eoraip agus go bhfaighidh sí cothrom na Féinne maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an bhforbairt sin. Ní foláir an beartas atá againn a mhúnlú ar bhealach a léireoidh na luachanna sochaíocha atá againn, a chuirfidh an chuimsitheacht chun cinn, agus a bheidh ag teacht leis an modh maireachtála atá againn san am céanna. Chuige sin, ní mór don Aontas gach gné den réabhlóid dhigiteach agus den intleacht shaorga a shaothrú: an bonneagar, nascacht, seirbhísí, sonraí, rialáil agus infheistíocht. I dteannta an mhéid sin, ní mór an geilleagar seirbhíse a fhorbairt agus príomhshruthú a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha.

San am céanna, ní mór dúinn dlús a chur leis an infheistíocht i scileanna agus in oideachas daoine, tuilleadh a dhéanamh leis an bhfiontraíocht agus an nuálaíocht a chothú agus cur le hiarrachtaí taighde, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar ilroinnt na taighde, na forbartha agus na nuálaíochta san Eoraip. Ciallaíonn infheistiú sa todhchaí go gcaithfear freisin an infheistíocht phoiblí agus an infheistíocht phríobháideach – sa bhonneagar i measc réimsí eile – a spreagadh agus tacú leo, chun fás an gheilleagair agus fás na ngnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, a mhaoiniú.

Anois agus méadú ag teacht ar an amhras atá ar dhaoine faoi rialacha coiteanna agus caighdeáin choiteanna, beidh sé bunriachtanach cothrom na Féinne do chách a chur chun cinn i ngach réimse, lena n-áirítear réimse na trádála. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear an iomaíocht chóir a áirithiú laistigh den Aontas agus os comhair an domhain mhóir, go gcaithfear rochtain ar an margadh a chur chun cinn, comhrac a chur ar chleachtais éagóracha, ar bhearta seach-chríochacha agus ar rioscaí slándála ó thríú tíortha, agus go gcaithfear na slabhraí soláthair straitéisigh atá againn a dhaingniú. Leanfaimid den chreachlár Eorpach um iomaíochas a nuashonrú de réir na bhforbairtí nua sa teicneolaíocht agus sa mhargadh domhanda.

Eoraip níos aeráidneodraí, níos glaise, níos cothroime agus níos sóisialta a thógáil

Teastaíonn cuimsitheacht agus inbhuanaitheacht ón Eoraip, agus ní mór di glacadh le fonn leis na hathruithe a thagann leis an aistriú glas, leis an éabhlóid theicneolaíoch agus leis an domhandú agus é á áirithiú ag an am céanna aici nach bhféagfar aon duine ar lár.

De réir mar a théann éifeachtaí an athraithe aeráide chun sofheictheachta agus chun forleithne, is géar is gá dúinn dlús a chur lenár ngníomhú leis an mbagairt eiseach sin a bhainistiú. Tig leis an Aontas dul ar thús cadhnaíochta, agus ní mór dó sin a déanamh, trí athrú ó bhonn a chur ar a gheilleagar féin agus ar a shochaí féin chun an aeráidneodracht a bhaint amach. Caithfear é sin a dhéanamh ar bhealach a chuirfidh cúinsí náisiúnta san áireamh agus a bheidh cóir go sóisialta.

Tabharfaidh an t-aistriú aeráide deis cheart dúinn nuachóiriú a dhéanamh agus, san am céanna, tabharfaidh sé deis dúinn a bheith inár gceannaire domhanda i ngeilleagar glas. Ba cheart na beartais atá againn a bheith comhsheasmhach le Comhaontú Pháras. Ní féidir leis an Aontas a bheith ina chadhadh aonraic ag ngníomhú: ba cheart do na tíortha ar fad dul ar aghaidh agus dlús a chur lena ngníomhú ar son na haeráide.

Beidh rathúlacht an aistrithe ghlais ag brath ar sciar nach beag d'infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a shlógadh, ar gheilleagar ciorclach éifeachtach a bheith againn, agus ar mhargadh fuinnimh Eorpach a bheidh comhtháite, idirnasetha, a bheidh ag feidhmiú i gceart agus a mbeidh fuinneamh inbhuanaithe, slán, inacmhainne á sholáthar aige, agus lánurraim á tabhairt do cheart na mBallstát cinneadh a dhéanamh faoin meascán fuinnimh a bheidh acu. Méadóidh an tAontas an luas atá faoin aistriú chuig foinsí inathnuaite, cuirfidh sé borradh faoin éifeachtúlacht fuinnimh, laghdóidh sé an spleáchas ar fhoinsí seachtracha, déanfaidh sé éagsúlú ar a chuid soláthairtí agus infheisteadh sé i réitigh le haghaidh na soghluaisteachta sa todhchaí.

I gcomhthráth leis an méid sin, ní mór dúinn leanúint orainn ag cur feabhas ar an gcomhshaol sna cathracha agus faoin tír, ag cur barr feabhais ar an gcáilíocht aeir agus uiscí, agus ag cur na talmhaíochta inbhuanaithe chun cinn, rud atá riachtanach chun sábháilteacht bia agus tairgeadh ardcháilíochta a chothú. Beimid inár gceann feadhna ag cur comhrac ar chailleadh na bithéagsúlachta agus ag caomhnú na gcóras comhshaoil, lena n-áirítear na haigéin.

Beidh costais agus dúshlán ghearrthéarmacha i gceist leis an athrú i dtreo todhchaí a bheidh níos glaise, níos cothroime agus níos cuimsithí. Sin é an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach go dtionlacfaí an t-athrú agus go gcabhrófaí le pobail agus le daoine aonair oiriúnú don saol nua.

Chuir sin, ní foláir an-aird a bheith againn ar na saincheistanna sóisialta. Ba cheart colún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar a n-inniúlachtaí siúd faoi seach. Is mór an riosca polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch a bhíonn ag gabháil le neamhionannais, a théann i bhfeidhm go háirithe ar dhaoine óga; tá deighiltí glúine, críochacha agus oideachais ag teacht i dtreis agus cineálacha nua eisiaimh ag teacht chun cinn. Tá sé de dhualgas orainne deiseanna a sholáthar do chách. Ní foláir dúinn tuilleadh a dhéanamh chun an comhionannas idir mná agus fir a áirithiú, agus cearta agus comhdheiseanna a áirithiú do chách. Is riachtanas sóisialta agus sócmhainn eacnamaíoch é sin.

Ach cosaint shóisialta leordhóthanach agus margaí saothair cuimsitheacha a bheith ann agus an comhtháthú a bheith á chur chun cinn, ardleibhéal cosanta a bheith ann do thomhaltóirí mar aon le hardchaighdeán bhia, agus rochtain mhaith a bheith ar chúram sláinte, cuideofar leis an Eoraip a modh maireachtála a chaomhnú.

Déanfaimid infheistíocht sa chultúr agus san oidhreacht chultúrtha, arb iad dlúth agus inneach na féiniúlachta Eorpaí iad.

Leasanna agus luachanna na hEorpa a chur chun cinn os comhair an domhain mhóir

I saol atá ag éirí níos éiginnte, níos casta agus níos athraithe in aghaidh an lae, ní mór don Aontas cúrsa straitéiseach gníomhaíochta a choinneáil agus cur lena chumas gníomhú go neamhspleách chun a leasanna a choimirciú, a luachanna agus a mhodh maireachtála a chaomhnú, agus cuidiú leis an todhchaí dhomhanda atá romhainn a mhúnlú.

Fanfaidh an tAontas ina cheann feadhna ar an iltaobhachas agus ar an ord idirnáisiúnta domhanda atá bunaithe ar rialacha, agus áiritheoidh sé go mbeidh oscailteacht agus cothroime ann agus go ndéanfar na hathchóirithe is gá a dhéanamh. Tacóidh sé leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na príomheagraíochtaí iltaobhacha.

Déanfaidh an tAontas an tionchar atá aige a úsáid leis an bhfreagairt ar dhúshláin dhomhanda a stiúradh, trí dhul ar thús cadhnaíochta i gcomhrac an athraithe aeráide, tríd an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, trí Chlár Oibre 2030 a chur chun feidhme, agus trí chomhar a dhéanamh leis na tíortha comhpháirtíochta i ndáil leis an imirce.

Cuirfidh an tAontas a shamhail uathúil féin den chomhar chun cinn mar inspioráid do dhreamanna eile. Cosnóidh sé an pheirspictíocht Eorpach atá ag Stáit eile de chuid na hEorpa atá in inmhe teacht isteach san Aontas agus atá toilteanach sin a dhéanamh. Saothróidh sé beartas comharsanachta uaillmhianach. Forbróidh sé comhpháirtíocht chuimsitheach leis an Afraic. Leanfaidh an tAontas air, i dteannta na gcomhpháirtithe domhanda sin a bhfuil na luachanna céanna acu agus atá againn féin, ag saothrú na síochána agus na cobhsaíochta domhanda, agus ag cur an daonlathais agus chearta an duine chun cinn.

Ach chun a leasanna agus a luachanna a chosaint níos fearr, agus chun cuidiú leis an timpeallacht dhomhanda nua a mhúnlú, ní mór don Aontas a bheith níos teanntásaí agus níos éifeachtaí.

Ciallaíonn sé sin nach mór dúinn a bheith níos aontaithe agus seasamh á ghlacadh againn, agus nach mór dúinn a bheith níos ceann dóchasaí agus níos éifeachtaí agus sinn ag féachaint le dul i bhfeidhm ar an domhan mór. Ciallaíonn sé freisin go gcaithfear tuilleadh acmhainní a chur ar fáil agus úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní a bhfuil teacht againn orthu cheana féin. Agus ciallaíonn sé nach mór tosaíocht níos soiléire a thabhairt do leasanna eacnamaíocha, polaitiúla agus slándála na hEorpa, agus na beartais go léir a ghiaílaí chuige sin.

Gné lárnach i ndáil leis an méid sin, ar an leibhéal iltaobhach in Eagraíocht Dhomhanda Trádála athchóirithe agus sa chaidreamh déthaobhach idir an tAontas agus a chomhpháirtithe, is ea beartas trádála uaillmhianach, láidir a bheith ann lena n-áirítear iomaíocht chothrom, cómhalartacht agus sochair fhrithpháirteacha.

Caithfidh Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus an Comhbheartas Slándála agus Cosanta a bheith níos freagrúla agus níos gníomhaí agus a bheith nasctha níos fearr le snáitheanna eile an chaidrimh sheachtraigh. Ní mór don Aontas freisin tuilleadh freagrachta a ghlacadh as a shlándáil agus a chosaint féin, go háirithe trí fheabhas a chur ar an infheistíocht i gcúrsaí cosanta, ar fhorbairt cumais, agus ar an ullmhacht oibríochtúil; oibreoidh an tAontas go dlúth le ECAT, agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail atá leagtha amach sna Conarthaí agus ag an gComhairle Eorpach, lena n-áirítear prionsabal na cuimsitheachta, prionsabal na cómhalartachta agus prionsabal neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais.

Caithfidh an caidreamh leis na comhpháirtithe straitéiseacha, lena n-áirítear ár gcomhpháirtithe trasatlantacha, agus leis na cumhachtaí atá ag teacht chun cinn a bheith mar phríomhghné de bheartas láidir eachtrach. Chuige sin, ní mór go mbeadh i bhfad Éireann níos mó sineirgí idir an tAontas agus na leibhéil dhéthaobhacha. Ní fhéadfaidh an tAontas dul i mbun plé le cumhachtaí domhanda eile ar bhonn comhchéime ach má sheachnaíonn sé an cur chuige treallach agus má sheasann na comhaltaí ar fad gualainn ar ghualainn, agus acmhainní de chuid an Aontais agus de chuid na mBallstát mar thaca leo.

Beart a dhéanamh de bhriathar na dtosaíochtaí

Ní mór don Aontas dul i gceann na ndúshlán inmheánach agus seachtrach ar mhodh comhtháite. Ní mór dúinn bonn eacnamaíoch inmheánach láidir a bheith againn má tá éifeacht le bheith ag an ngníomhaíocht sheachtrach.

Ní mór d'Institiúidí an Aontais díriú ar na nithe is tábhachtaí. I gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, ní mór don Aontas móraird a thabhairt ar na mórcheisteanna agus beagaird a thabhairt ar na mioncheisteanna. Ní mór dó rúmáil a thabhairt do na gníomhaithe eacnamaíocha agus sóisialta go mbeidh siad in ann anáil a tharraingt, agus go mbeidh siad in ann a bheith cruthaitheach agus nuálaíoch. Beidh sé tábhachtach caidreamh a bhunú leis na saoránaigh, leis an tsochaí shibhialta, agus le gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla.

Oibreoidh Institiúidí an Aontais i gcomhréir le spiorad agus le fuarlitir na gConarthaí. Urramóidh siad prionsabail an daonlathais, an smachta reachta, na trédhearcachta agus an chomhionannais idir saoránaigh agus idir Ballstáit. Bíonn an dea-rialachas ag brath freisin ar na beartais agus na rialacha a aontaíodh a bheith á gcur chun feidhme agus á bhforfheidhmiú go cruinn beacht, agus ní mór grinnfhaireachán a dhéanamh ar an méid sin.

Ba cheart do gach institiúid féachaint an athuair ar na modhanna oibre atá aici agus a marana a dhéanamh ar an tslí is fearr leis an ról atá aici faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.

Ní foláir don Aontas na meáin is gá a chur ar fáil dó féin chun a uaillmhian a chomhlíonadh, a chuspóirí a bhaint amach agus a bheartais a chur i gcrích.

Ní mór do na hInstitiúidí agus do na Ballstáit oibriú as lámh a chéile agus na mórachmairní atá acu a úsáid agus iad ag cur le chéile. Ba cheart teacht i dtír ar na buanna éagsúla atá ag na gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla chun gur fearrde an iarracht fhoriomlán.

Is é an Clár Oibre Straitéiseach seo an chéad chéim i bpróiseas a chuirfidh na hInstitiúidí agus na Ballstáit ar aghaidh. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí seo agus saineoidh sí tuilleadh treoirlínte agus tosaíochtaí polaitiúla ginearálta de réir mar is gá.